Irish Translators' and Interpreters' Association
Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann

Bunreacht

1 Ainm agus Cineál
==========

1.1 Irish Translators' and Interpreters' Association agus Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann an t-ainm Béarla agus Gaeilge, faoi seach, a bheidh ar an gCumann, dá dtagrófar "An Cumann" as seo amach;
1.2 Eagraíocht ghairmiúil nach ndéanfaidh brabach a bheidh sa Chumann;
1.3 Cothóidh an Cumann a chuid gníomhaíochtaí in Éirinn agus in áiteanna eile de réir mar a chinnfidh a chuid comhaltaí i gCruinniú Ginearálta;
1.4 Measfar gach tagairt d'aistriúchán a bheith ag tagairt d'aistriúchán scríofa agus ó bhéal araon.

2 Cuspóirí
========

2.1 An t-aistriúchán agus an teangaireacht a chothú in Éirinn;
2.2 Aistriú scríbhneoirí Éireannacha a chothú thar lear;
2.3 Leasanna aistritheoirí agus teangairí a chosaint;
2.4 Comhairle ghinearálta ghairmiúil a chur ar fáil do chomhaltaí;
2.5 Foilsiú aistriúchán a spreagadh;
2.6 Saothair aistritheoirí i réimsí leasa na hÉireann a chatalógú;
2.7 Staidéar acadúil an aistriúcháin agus na teangaireachta a chothú;
2.8 Oiliúint phraiticiúil aistritheoirí agus teangairí a chothú;
2.9 Caighdeáin arda a chothú san aistriúchán agus sa teangaireacht;
2.10 Bronnadh duaiseanna agus sparánachtaí a fháil d'aistritheoirí agus do theangairí;
2.11 Comhoibriú le riaradh scéimeanna a bhaineann le fóirdheontais a thabhairt d'aistriúcháin;
2.12 Teagmháil a chothú le cumainn nó le grúpaí eile aistritheoirí nó teangairí;
2.13 Aitheantas a fháil don obair a rinne aistritheoirí agus teangairí in Éirinn go dtí seo;
2.14 Clár Comhaltaí a fhoilsiú ina mbeidh mionsonraí faoi na réimsí lena n-oibríonn siad agus faoina spéiseanna aonair, arna thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí leis an gCoiste;
2.15 Cothóidh an Cumann leasanna aistritheoirí agus teangairí go cothrom;
2.16 Agus na cuspóirí sin á gcur chun cinn aige, glacfaidh an Cumann cúram gan leasanna earnála grúpa faoi leith aistritheoirí ná teangairí ar bith a chur chun cinn, ach ag an am céanna cosnóidh sé leasanna mionlaigh;
2.17 Agus na cuspóirí sin á gcur chun cinn aige, gheobhaidh agus coinneoidh an Cumann go dlíthiúil cibé maoin is gá.

3 Cleamhnú agus neamh-chomhghuaillíocht
==========

3.1 Beidh an Cumann cleamhnaithe leis an Fédération Internationale des Traducteurs;
3.2 Cumann neamhpháirtí i gcás na polaitíochta agus neamhsheicteach i gcás an chreidimh a bheidh ann.

4 Comhaltacht
==========

4.1 Is é comhlacht rialaithe an Chumainn an chomhaltacht i gCruinniú Ginearálta;
4.2 Beidh comhaltacht an Chumainn oscailte dóibh siúd a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu;
4.3 Féadfaidh comhaltacht oinigh, comhaltacht ghairmiúil, comhaltacht chumainn, comhaltacht mhic léinn, comhaltacht chorparáide agus comhaltacht institiúide an Chumainn a bheith ann;
4.4 Bíonn cearta comhionanna comhaltachta ag gach comhalta den Chumann;

4.5 Beidh a phribhléidí féin ag gach cineál comhaltachta arna gcinneadh ag an gcomhaltacht i gCruinniú Ginearálta agus arna gcur i bhfeidhm ag an gCoiste Feidhmiúcháin;

4.6 Oileán na hÉireann a bheidh mar limistéar feidhme ag an gCumann;

4.7 Glacann gach comhalta den ITIA go sainráite le Cód Cleachtais agus le hEitic Ghairmiúil an Chumainn agus comhaontaíonn sé/sí déanamh dá réir;

4.8 Féadfaidh comhalta ar bith, ach fógra cuí a thabhairt, a iarraidh ar an Rúnaí ábhar a chur ar chlár oibre do Chruinniú Ginearálta nó do Chruinniú an Choiste Feidhmiúcháin;

4.8.1 Is ionann fógra cuí do Chruinniú Ginearálta agus lá is fiche;

4.8.2 Is ionann fógra cuí do Chruinniú an Choiste Feidhmiúcháin agus ceithre lá dhéag.

4.9 Féadfar Comhaltacht Oinigh an Chumainn a dhámhadh i gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar dhuine a rinne cion thar na bearta don aistriúchán nó don teangaireacht go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta;

4.9.1 Bíonn táillí bliantúla maite ag an gCumann do chomhaltaí oinigh.

4.10 Dámhfar Comhaltacht Ghairmiúil an Chumainn ar na daoine sin a shásaíonn critéir an Bhuan-Fhochoiste Ghairmiúil arna bhfaomhadh ag Cruinniú Ginearálta agus arna bhfoilsiú dá éis sin, agus ar an mbealach sin amháin;

4.10.1 Ní bhainfidh comhalta gairmiúil úsáid as comhaltacht an ITIA mar cháilíocht ghairmiúil ach amháin sna teangacha sin nó sna cóimheascáin teangacha sin a fhaomhfaidh an Fochoiste Gairmiúil.

4.10.2 Ní cheadaítear ach do chomhalta gairmiúil, agus dó/di sin amháin, na ceannlitreacha MITIA a úsáid tar éis a (h)ainme.

4.10.3 Lasmuigh den dá fhoráil thuas, ní féidir comhaltacht an Chumainn a úsáid mar cháilíocht ghairmiúil.

4.11 Féadfar comhaltacht mhic léinn a dhámhadh ar dhaoine atá ag tabhairt faoi staidéar fochéime i ndisciplín ar bith agus ar dhaoine atá ag tabhairt faoi staidéar iarchéime san aistriúchán nó sa teangaireacht, agus ina dhiaidh sin is féidir leis an mac léinn cur isteach ar chomhaltacht chumainn;

4.11.1 Ní áireofar comhalta mic léinn ar Chlár na gComhaltaí;

4.11.2 Ní bhainfidh comhalta mic léinn leas as comhaltacht ITIA chun críche luacha saothair i gcás an aistriúcháin nó na teangaireachta;

4.12 Féadfar comhaltacht chorparáide a dhámhadh ar ghníomhaireachtaí aistriúcháin nó teangaireachta;

4.13 Féadfar comhaltacht institiúide a dhámhadh ar aonáin, cumainn nó grúpaí corparáide, cultúir agus oideachais, cé is móite do na haonáin sin dá dtagraítear in 4.12;

4.14 Dámhtar comhaltacht chumainn ar gach duine eile a bhíonn incháilithe;

4.15 Beidh gach comhalta i dteideal cóip de Bhunreacht an Chumainn, mar chóip chrua nó i bhformáid leictreonach de réir mar is cuí, a fháil nó a bheith curtha ar fáil dó nó di.

5 Cruinnithe Ginearálta

5.1 Cruinnithe Bliantúla, Gnáthchruinnithe nó Cruinnithe Speisialta a bhíonn i gcruinnithe na comhaltachta;

5.2 Ní mór fógra soiléir ceithre lá dhéag a thabhairt do chomhaltaí faoi gach Cruinniú, mar aon le Clár Oibre scríofa an chruinnithe sin;

5.3 Maidir le hathrú ar bith a dhéanamh ar an mBunreacht, ní mór é sin a dhéanamh ag Cruinniú Speisialta nó ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus éileofar móramh dhá thrian móide vóta amháin as measc na gcomhaltaí a bheidh i láthair;

5.4 Sa chás go gceadaítear athrú a dhéanamh ar an mBunreacht, cuirfidh an Rúnaí cóip dhátaithe den leagan nua den Bhunreacht ar fáil do gach comhalta laistigh de lá is fiche;

5.5 I bhfoirm treorach don Choiste Feidhmiúcháin a dhéanfar rúin a chuirfear faoi bhráid Cruinniú Ginearálta;

5.6 Tabharfar fógraí faoi Chruinniú i bhfoirm cóipe crua nó i bhformáid leictreonach de réir mar is cuí;

5.7 Cúig chomhalta dhéag an córam a bheidh ann do Chruinniú Ginearálta.

6 Rúin

6.1 Tabharfar rúin ó chomhaltaí an Chumainn i scríbhinn don Rúnaí lá is fiche roimh thionól Cruinnithe d'fhonn fógraí cuí a thabhairt do na comhaltaí;

6.2 Comhaltaí a bheidh i láthair agus a bheidh i dteideal vótála a chaithfidh vóta ar an rún;

6.2.1 Vóta amháin in aghaidh gach ceiste a bheidh ag comhalta;

6.2.2 Sa chás go mbeidh na vótaí cothrom, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach chun críche an *status quo* a choinneáil;

6.2.3 Seachas rúin faoin mBunreacht nó faoi smachtbhannaí, déanfar gach rún a phasáil trí mhóramh simplí;

6.2.4 Is trí 'lámha in airde' a ghlacfar vótaí ar rúin nó ar leasuithe, ach féadfaidh comhalta ar bith rúnbhallóid a iarraidh, agus sa chás sin ceapfar áiritheoirí;

6.2.5 Maidir le gach rún a phasálfar faoi réir na rialacha sin, beidh feidhm leo láithreach mura luaitear a mhalairt;

6.3 Ní ann do cheart i leith seachvótaí ag Cruinnithe an Chumainn.

7 Cruinniú Ginearálta Bliantúil

7.1 Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn gach bliain i rith mhí Dheireadh Fómhair;

7.2 Ag an gCruinniú sin, cuirfidh an Cathaoirleach agus an Rúnaí Tuairisc Bhliantúil aonair i láthair agus cuirfidh an Cisteoir cuntais bhliantúla iniúchta i láthair;

7.3 Is é ord an ghnó a phléifear ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil:

7.3.1 Oscailt, fáiltiú agus leithscéalta;

7.3.2 An leabhar tinrimh a shíniú;

7.3.3 Miontuairiscí ón gCruinniú Ginearálta Bliantúil deiridh agus nithe arna n-eascairt astu sin;

7.3.4 Miontuairiscí ó aon Chruinniú Ginearálta Speisialta a tionóladh i rith na bliana atá faoi chaibidil agus nithe arna n-eascairt as sin;

7.3.5 Tuairiscí Bliantúla ón gCathaoirleach agus ón Rúnaí;

7.3.6 Cur i láthair na gcuntas bliantúil ag an gCisteoir;

7.3.7 Ceapachán na n-iniúchóirí don bhliain dar gcionn a cheadú;

7.3.8 Comhaltaí an chéad Choiste Feidhmiúcháin eile a thoghadh;

7.3.9 Rúin;

7.3.10 Aon ghnó eile.

7.4 Cúig chomhalta dhéag an córam a bheidh ann do Chruinniú Ginearálta;

7.5 Agus comhaltaí á dtoghadh ar an gCoiste Feidhmiúcháin, féachaidh an chomhaltacht ar ionadaíocht a dhéanamh ar réimsí, leasanna agus cóimheascáin teangacha na gairme.

8 Cruinniú Ginearálta Speisialta

8.1 Féadfar Cruinniú Ginearálta Speisialta a ghlaoch

8.1.1 faoi rogha an Chathaoirligh;

8.1.2 ar iarratas ó bhéal ó cheathrar comhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin;

8.1.3 ar iarratas i scríbhinn ó dheichniúr comhaltaí den Chumann;

8.2 Tionólfaidh an Coiste Feidhmiúcháin cruinniú den chineál sin laistigh de thríocha lá ón gcruinniú a bheith glaoite;

8.3 An Coiste Feidhmiúcháin a chinnfidh am, dáta, ionad agus cineál an fhógra a thabharfar faoi Chruinniú Ginearálta Speisialta;

8.4 Tabharfar fógra don chomhaltacht faoi Chlár Oibre an Chruinnithe Ghinearálta Speisialta mar aon le moltóirí ainmnithe na rún sonrach;

8.5 Pléifidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil an gnó dá dtionóltar é agus é sin amháin agus ní dhéanfar aon ghnó eile;

8.6 Déanfar gach rún a phasáil trí mhóramh dhá thrian móide vóta amháin as measc na ndaoine siúd a bheidh i láthair agus a bheidh i dteideal vótála.

9 Gnáthchruinnithe Ginearálta

9.1 Tiocfaidh comhaltacht an Chumainn le chéile uair amháin sa bhliain féilire i gCruinniú Ginearálta;

9.2 Idir Cruinnithe Ginearálta, bainistíonn Coiste Feidhmiúcháin oifigeach agus comhaltaí an Choiste an Cumann.

10 An Coiste Feidhmiúcháin

10.1 Maidir le gach post ar an gCoiste is post oinigh atá iontu sa mhéid is nach n-íoctar aon tuarastal, táille, luach saothair ná sochar oifige as feidhmiú dhualgais na hoifige;

10.2 Dháréag comhaltaí a bheidh i gCoiste Feidhmiúcháin an Chumainn;

10.3 Is éard a bheidh i gcomhalta Ex-officio an Choiste ná eagarthóir aon fhoilseacháin de chuid an Chumainn;

10.4 Beidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin comhaltaí a chomhthoghadh ar feadh an chuid eile den téarma d'fhonn dháréag comhaltaí a choinneáil nó ar mhaithe le tionscadal sonrach a bheadh idir lámha;

10.5 Tiocfaidh an Coiste Feidhmiúcháin le chéile go rialta i rith na bliana chun críche gnó an ITIA a láimhseáil go tráthúil, go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cóir;

10.6 Íoslíon ceathrar comhaltaí a bheidh mar chóram do chruinniú an Choiste Feidhmiúcháin;

10.7 Aisíocfar le comhalta Coiste aon speansas a thabhaítear go hiomlán, go heisiach agus go riachtanach thar ceann an Chumainn agus arna thabhú le réamheolas agus le réamhchead an Chisteora;

10.8 Maidir le haon chomhalta Coiste a bheidh as láthair ó thrí Chruinniú Feidhmiúcháin as a chéile gan mhíniú nó leithscéal réasúnach, measfar an comhalta sin a bheith éirithe as an gCoiste;

10.9 Cuirfidh an Rúnaí in iúl do chomhalta den chineál sin i scríbhinn go bhfuiltear ag glacadh lena (h)éirí as oifige faoi Alt 10.8 agus glacfaidh an Coiste buíochas leis nó léi as an obair a rinne sé nó sí go dtí sin;

10.10 Coinneoidh an Coiste Feidhmiúcháin an chomhaltacht ar an eolas trí mheán fógraí tráthúla i bhfoirm leictreonach nó i gcóip chrua de réir mar is cuí;

10.11 Toghtar comhalta Coiste ar feadh tréimhse bliana agus bíonn sé nó sí i dteideal a (h)atofa;

10.12 Ní féidir le comhalta Coiste an oifig chéanna a bheith ina sheilbh aige nó ina seilbh aici ar feadh níos mó ná ceithre bliana as a chéile, ach féadfar é nó í a thoghadh chuig oifig ar bith eile sa tréimhse a leanas;

10.13 Tá an chumhacht ag an gCathaoirleach nó ag an Rúnaí nó ag an gCisteoir, agus iad ag síniú i láthair a chéile, conarthaí a shíniú thar ceann an Chumainn faoi réir a ndaingniú ag an gcéad Chruinniú Ginearálta eile;

10.14 Cinnfidh an Cumann a Bhuanorduithe féin, buanorduithe a mbeidh feidhm leo i gcás gach Cruinnithe;

10.14.1 Ní féidir le rud ar bith i mBuanorduithe teacht salach ar an mBunreacht seo.

11 Feidhmeanna Chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin

==========

11.1 An Cathaoirleach

11.1.1 An Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar gach Cruinniú de chuid an Chumainn;

11.1.2 An Cathaoirleach a bheidh freagrach as Tuairisc Bhliantúil an Chathaoirligh a dhéanamh;

11.1.3 Bainfidh an Cathaoirleach úsáid as an oifig chun leasanna an Chumainn a chothú i dtólamh, chun ceannaireacht a sholáthar i gcothú aontachta agus sítheachta laistigh den Chumann;

11.1.4 An Cathaoirleach a bheidh mar urlabhraí oifigiúil an Chumainn do chomhlachtaí seachtracha.

11.2 An Leas-Chathaoirleach

11.2.1 Féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin Leas-Chathaoirleach a cheapadh;

11.2.2 Cuideoidh an Leas-Chathaoirleach leis an gCathaoirleach agus i gcás an Cathaoirleach a bheith as láthair is é nó í an Leas-Chathaoirleach a bhíonn ina C(h)athaoirleach ar Chruinniú.

11.3 An Rúnaí

11.3.1 An Rúnaí a bheidh freagrach as an gclár oibre, as taifid agus as comhfhreagras an Chumainn;

11.3.2 An Rúnaí a bheidh freagrach as Tuairisc Bhliantúil a chur i láthair;

11.3.3 Chuig an Rúnaí a sheolfar gach comhfhreagras chuig an gCumann, seachas ráitis bhainc, agus cuirfidh an Rúnaí an comhfhreagras sin ar aghaidh chuig an gcomhalta cuí, nuair is gá, nó féachaidh sé nó sí i ndiaidh an chomhfhreagrais sin é féin nó í féin agus tuairisceoidh sé nó sí don Chumann;

11.3.4 Coinneoidh an Rúnaí clár cruinn de gach comhalta an Chumainn agus gheobhaidh sé nó sí comhfhreagras i gcóip chrua nó i bhfoirm leictreonach ó chomhaltaí agus seolfaidh sé nó sí comhfhreagras chuig na gcomhaltaí ar na bealaí céanna.

11.4 An Cisteoir

11.4.1 An Cisteoir a choinneoidh leabhair chuí chuntas don Chumann;

11.4.2 Molfaidh an Cisteoir an raon sin táillí don Chruinniú Ginearálta Bliantúil agus a chlúdóidh buiséad measta na bliana dar gcionn;

11.4.3 Tabharfaidh an Cisteoir cuntas don Chumann faoi shócmhainní an Chumainn;

11.4.4 Infheisteoidh an Cisteoir cibé suimeanna a chinnfidh an Coiste Feidhmiúcháin nó an Cumann agus ar an mbealach a chinnfear le rún;

11.4.5 Cuirfidh an Cisteoir ráiteas iomlán chuntais an Chumainn arna iniúchadh ag beirt chomhaltaí den Chumann arna gceapadh ag Cruinniú Ginearálta

Bliantúil i láthair Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn;

11.4.6 An 30 Meán Fómhair dáta foirceanta bhliain airgeadais an Chumainn.

11.5 **Rúnaí na Miontuairiscí**

11.5.1 Coinneoidh Rúnaí na Miontuairiscí taifead scríofa faoi gach imeacht de chuid an Chumainn i Leabhar Miontuairiscí;

11.5.2 Féadfaidh comhalta ar bith Leabhar na Miontuairiscí a scrúdú ag Cruinniú ar bith an Chumainn;

11.5.3 Cinnteoidh Rúnaí na Miontuairiscí go mbeidh Miontuairiscí ón gCruinniú roimhe sin léite, leasaithe agus glactha agus go gcuirfidh an Cathaoirleach síniú agus dáta leo ansin.

11.5.4 An tOifigeach Caidrimh Phoiblí

11.5.5 Eiseoidh an tOifigeach Caidrimh Phoiblí (PRO) preasráitis chuí a mhinice agus a iarrann an Cumann nó an Coiste Feidhmiúcháin;

11.5.6 Féachaidh an PRO le gaolmhaireacht mhaith a chothú leis na meáin chumarsáide agus gach teagmháil de chuid na meán cumarsáide a choinneáil ar an eolas faoi Chruinnithe a bheadh ar na bacáin d'fhonn ard a tharraingt ar phróifíl an Chumainn;

11.5.7 Scaipfidh an PRO fógráin agus fógraí faoin gCumann in Éirinn de réir threoir an Choiste Feidhmiúcháin.

11.6 An tOifigeach Comhaltachta

11.6.1 Coinneoidh an tOifigeach Comhaltachta taifead de gach comhalta de chuid an Chumainn trí dhul i gcomhar leis an Rúnaí agus leis an gCisteoir;

11.6.2 Féachaidh an t-oifigeach comhaltachta i ndiaidh Clár Comhaltachta a fhoilsiú i bhformáid leictreonach nó i gcóip chrua de réir mar is cuí;

11.6.3 Cuideoidh an tOifigeach Comhaltachta leis an gCisteoir le cinntiú go n-íocfar síntiúis na bliana in am is i dtráth.

12 Fochoistí

12.1 Féadfaidh an Cumann Fochoistí a cruthú ó am go chéile chun feidhmeanna sonracha a dhéanamh;

12.2 Is éard a bheidh i bhFochoiste Comhaltachta Gairmiúla agus i bhFochoiste Teastasúcháin ná Buanchoiste a mbeidh a Rúnaí féin acu a dhéileálfaidh leis an gcomhfhreagras don Choiste sin;

12.3 Comhalta den Chumann a bheidh mar chathaoirleach ar Fhochoiste ar bith arna cheapadh chun críche an chuspóra sin;

12.4 Tuairisceoidh gach cathaoirleach Fochoiste don Choiste Feidhmiúcháin;

12.5 Beidh gach cinneadh agus moladh a dhéanann Fochoistí faoi réir fhaomhadh an Chumainn;

12.6 Cé is móite den Fhochoiste Comhaltachta Gairmiúla agus den Fhochoiste Teastasúcháin agus iadsan amháin, ní rachaidh aon Fhochoiste i mbun comhfhreagrais ach amháin trí Rúnaí an Chumainn;

12.7 Ní Cruinnithe Ginearálta iad cruinnithe Fochoistí agus bíonn siad teoranta do chomhaltaí an Fhochoiste agus d'oifigigh an Chumainn agus/nó dóibh siúd a dtugtar cuireadh speisialta dóibh a bheith i láthair;

12.8 Eiseoidh an Cumann ó am go chéile téarmaí tagartha d'Fhochoiste;

12.9 Seachas cathaoirleach an Fhochoiste, ní gá gur comhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin iad na comhaltaí eile a beidh ar an bhfochoiste sin;

12.10 Cuirfear aon achomharc i gcoinne cinneadh Fochoiste faoi bhráid an Choiste Fheidhmiúcháin sa chéad ásc agus féadfaidh an Coiste sin cinneadh a dhéanamh an tsaincheist a chur faoi bhráid Boird Eadrána shonraigh shainiúil ad-hoc de Chomhaltaí an ITIA.

13 Tiomsú Airgid

13.1 Féadfaidh an Cumann ó am go chéile tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid agus beidh lántacaíocht gach comhalta aige ina leith sin;

13.2 Déanfar gach suim airgid a gheofar ó ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid den chineál sin a imdháileadh de réir mar is cuí leis an gCumann;

13.3 Maidir le hairgead a bhronntar ar an gCumann nó a fhaightear de bharr gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid, bainfear úsáid as chun críche na ngníomhaíochtaí a luaitear agus nuair a bheidh na gníomhaíochtaí sin clúdaithe bainfear úsáid as chun críche shochar ginearálta an Chumainn.

14 Toghcháin

14.1 Reáchtálfar Toghcháin i rith Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn;

14.2 Ainmneoidh beirt chomhaltaí iarrthóirí don Choiste Feidhmiúcháin;

14.3 Ní mór d'iarrthóirí faomhadh a fháil ó dhá thrian móide duine amháin dóibh siúd a bheidh i láthair agus a bheidh ag vótáil chun go dtoghfar iad;

14.4 Tagann deireadh le comhaltacht Coiste Feidhmiúcháin nuair a fhógraítear torthaí an toghcháin.

15 Smachtbhannaí

=======

15.1 Tá an chumhacht ag an gCumann i gCruinniú Ginearálta smachtbhannaí a leagan ar chomhalta chomh fada leis an gcomhalta sin a chur amach as an gCumann agus é sin san áireamh;

15.2 Ní féidir comhalta den Chumann a chur amach as an gCumann ach amháin de bharr na cúise a bhaineann le neamhshuim a dhéanamh de Bhunreacht an Chumainn agus/nó de bharr gnímh a tharraingíonn droch-cháil ar dhea-ainm an Chumainn;

15.3 Sa chás gurb é rún an Chumainn dul ar aghaidh agus smachtbhanna a leagan ar chomhalta, cuirfear cúis an smachtbhanna in iúl don chomhalta sin i scríbhinn ceithre lá dhéag ar a laghad roimh Chruinniú den chineál sin a thionól;

15.4 Beidh sé de cheart ag an gcomhalta bheith i láthair, labhairt agus éisteacht a fháil ag Cruinniú den chineál sin de réir mar a chinnfidh an Cathaoirleach;

15.5 Sa chás go roghnaíonn comhalta freastal ar Chruinniú den chineál sin, féadfaidh an comhalta comhalta eile den ITIA a cheapadh nó féadfaidh an Cathaoirleach comhalta a ceapadh chun labhairt ar a shon nó ar a son;

15.6 Sa chás go roghnaíonn comhalta gan freastal ar chruinniú den chineál sin, leanfaidh an Cathaoirleach ar aghaidh ag féachaint go cuí do chomhionannas agus do chothrom na féinne agus gníomhartha den chineál sin a chóimheá leis an gá a bhíonn ann sláine agus dea-ainm an Chumainn a chaomhnú;

15.7 Féadfaidh tréimhse ama a bheith ag baint le smachtbhanna, is féidir rabhadh ó bhéal a thabhairt, rogha scríofa a thabhairt, comhaltacht a chur ar fionraíocht agus/nó an comhalta a chur amach as an gCumann nó meascán de na smachtbhannaí sin nó iad ar fad a bheith i gceist;

15.8 Maidir le rún a bhaineann le smachtbhanna comh fada le comhalta a chur amach as an gCumann agus é sin san áireamh, ní mór do dhá thrian móide duine amháin díobh siúd a bhíonn i láthair é a fhaomhadh.

16 Léirmhíniú

==========

16.1 Sa chás go dtagann cúinsí chun cinn, tráth ar bith, nach ndéantar foráil dóibh sa Bhunreacht seo, glacfaidh an Coiste Feidhmiúcháin cibé gníomh is cuí agus is gá dar leis;

16.2 Measfar gníomh den chineál sin a bheith bailí go dtí go ndéanfar é a dhaingniú ag Cruinniú Ginearálta.

17 Slánaíocht

========

17.1 Beidh gach oifigeach, comhalta nó seirbhíseach de chuid an Chumainn slánaithe ag an gCumann i gcoinne éilimh;

17.2 Beidh sé de dhualgas ar an gCumann íoc as gach costas, caillteanas agus speansas a thabhóidh aon duine den chineál sin go cuí, nó a mbeidh tabhú costais, caillteanais agus speansais dlite orthu, de bhun aon chonartha a ndéantar go cuí, nó de bharr aon ní a dhéantar i seoladh dualgas go hionraic arna bhfaomhadh go cuí ag an gCoiste Feidhmiúcháin nó ag an gCumann;

17.3 Maidir le méid na slánaíochta a chuirtear ar fáil, ceanglófar é, chomh fada agus is féidir ag féachaint do chistí an Chumainn, láithreach ina lian le maoin agus sócmhainní an Chumainn, agus tabhafar tosaíocht dó thar gach éileamh eile.

18. Fógraí

========

18.1 Maidir le gach fógra nó comhfhreagras chuig comhaltaí arna n-éileamh nó arna gceadú ag an mbunreacht seo, déanfar iad a sheoladh chuig an seoladh is déanaí a chuir an comhalta áirithe sin ar fáil don Chumann;

18.2 Déanfar gach fógra agus comhfhreagras den chineál sin san fhormáid agus ag na hamanna a mheasann an Coiste Feidhmiúcháin a bheith cuí ach amháin sa chás go bhfuil a mhalairt i gceist leis seo;

18.3 Is ar na comhaltaí aonair atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil a mionsonraí pearsanta féin i dtaifid an Chumainn agus ina fhoilseacháin agus ina meáin leictreonacha cruinn agus cothrom le dáta;

18.4 Beidh sé d'údarás ag an gCumann mionsonraí comhaltaí aonair a chur san áireamh ina fhoilseacháin agus ina mheáin leictreonacha ach amháin sa

chás go dtreoraíonn comhalta áirithe a mhalairt;

18.5 Ní bheidh an Cumann freagrach as aon chumarsáid ábharthach nó teileafóin nár iarradh a dhéantar le comhaltaí a bhíonn san áireamh ina liostaí foilsithe.

5 Samhain 2008

Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann,
Áras na Scríbhneoirí,
19 Cearnóg Parnell,
Baile Átha Cliath 1
ÉIRE
t. +353 (0)87 6738386
g. +353 (0)1 872 6282
r. itiasecretary@gmail.com
lg. http://www.translatorsassociation.ie